

**“D’fhéadfaí a rá gur gearrdráma fáithscéalach é An Lasair Choille”** (It could be said that An Lasair Choille is an allegorical short drama)

Níl amhras ar bith (there’s no doubt) ach gur fáithscéal (allegory) é an gearrdráma seo. Sa scéal seo, tá Caitlín Maude agus Micheál Ó hAirtnéide ag labhairt faoin tábhacht (the importance) a bhaineann leis an tsaoirse (freedom) i gcoitinne. Tá ceacht le foghlaim (lesson to be learned) ann, agus foghlaimimid (we learn) é tríd na carachtair agus na meafair éifeachtacha (effective metaphors) a úsáidtear.

Ag tús an scéil, feicimid Séamas agus Micil ag caint. Is léir go bhfuil siad míshásta (unhappy) agus go bhfuil siad sáinnithe (trapped) ina saoil. Is cláiríneach (cripple) é Micil, a chaitheann an chuid is mó dá shaol sa leaba. Is duine cantalach (grumpy) agus maslach (insulting) é, agus labhraíonn sé le Séamas go díspeagúil (disparagingly). Deir sé, mar shampla, go bhfuil “easpa meabhrach ortsa” (lack of a brain). Caithfidh sé lagmhisneach (discouragement) a chur ar Shéamas mar, gan é, bheadh sé i “Theach na mBocht” (house of the poor). Is léir go bhfuil sé i ngéibheann (in captivity) de bharr a thinnis (as a result of his illness). Tá Séamas sáinnithe freisin. Ba mhaith leis dul go Sasana (England), ach níl aon fhéinmhuinín (confidence) aige mar bhíonn Micil i gcónaí ag rá rudaí cosúil le “tá ceann cipín agat”. Dá bharr sin, tá sé gafa ag (trapped by) Micil.

Úsáidtear siombail (symbol) de ghéibheann freisin sa scéal seo. Buailimid le Binncheoil, lasair choille beag, ach is ionann é (he is the same as) agus Séamas agus Micil, tá sé sáinnithe sa chás éin (bird cage). Feicimid freisin nach bhfuil sé sásta lena shaol, mar ní chanann sé riamh (he never sings). Seasann an t-éan beag do mhian na saoirse (the desire for freedom) sa scéal, agus is léir ag tús an dráma go bhfuil sé i ngéibheann.

I rith an scéil, buailimid le Míoda, cailín tincéara (tinker girl). I dtús báire, ceapaimid go bhfuil saol an mhadra bháin aici (that she has an easy life), ach faraor géar (unfortunately) tá sí sáinnithe freisin. Is duine an-chliste (very clever) í agus déanann sí iarracht dúshaothrú (she tries to exploit) a dhéanamh ar Shéamas. Tá sé faoi gheasa aici (charmed by her) nuair a labhraíonn sí faoi Shasana. Is pearsan an-tábhachtach í mar léiríonn sí do Shéamas go bhfuil sé "sáinnithe i ngéibheann ar nós an lasair choille". Tuigeann sí (she understands) an tábhacht a bhaineann le saoirse.

Tá críoch an dráma an-chumhachtach (very powerful). Tá chlaochlú mór tagtha ar Shéamas (he completely transforms). Tuigeann sé don chéad uair go bhféadfadh sé (he could) saoirse phearsanta a aimsiú (to discover). Dúirt sé "Tiocfaidh athrú ar an saol" agus is léir go bhfuil a lán dóchais (hope) aige maidir lena shaol amach anseo (in the future). Tá an chríoch níos éiginntí (more uncertain) maidir le Micil agus Míoda, na daoine "géarintinneacha". Níl a fhios ag Micil (he doesn't know) cad a dhéanfaidh Séamas, agus b'fhéidir (maybe) go rachaidh sé go dtí Teach na mBocht fós (yet). Tá Míoda sáinnithe ina saol freisin. Tá sí féin agus na tincéirí eile scartha ón tsochaí (separated from society) i gcoitinne. Tá brí mheafarach (metaphorical meaning) ag baint leis an gcríoch freisin. Nuair a scaoileann (let out) Séamas Binncheol agus nuair a deireann sé "ní bheidh Binncheol ná éin ar bith i ngéibheann sa gcás sin arís go brách

(forever)", tá na h-údair ag léiriú dúinn (conveying to us) go bhfuil sé mínadúrtha (unnatural) go mbeadh ainmhithe (animals) nó daoine i ngéibheann.

Is fáithscéal é an gearrdráma seo agus, dar liom, foghlaimimid an tábhacht a bhaineann le sairse tríd claochlú (through the transformation) a thagann ar na pearsanna (characters), agus tríd an tsiombal den fháithscéal, Binncheol.